



Coláiste Aonad Bainistíochta:	Coláiste Sláinte agus Talmhaíochta UCD
Scoil Aonad:	Scoil an Leighis Tréidliachta UCD
Teideal an Phoist agus Réimse Ábhair <i>(más ábhartha)</i>	Cúntóir Cúraim Ainmhithe
Tréimhse an Phoist:	36 mí (Painéal 12 mhí Buan & Sealadach T/C ag gabháil leis)
Bainisteoir Líne	Príomh-Altra nó ainmní
Grád:	Freastalaí Saotharlainne
Uimhir Thagartha an Chomórtais	018308
Riarthóir Acmhainní Daonna	Jagoda Wychowaniak

Achoimre ar an bPost:

Tá Ospidéal Tréidliachta UCD (UCDVH) ag iarraidh Freastalaí Cúraim Ainmhithe (ACA) a cheapadh a bhfuil taithí ábhartha aige ar chúram ainmhithe. Toisc gur ospidéal múinteoireachta é UCDVH a oibríonn le gach speiceas ainmhithe ceansaithe, ba cheart go mbeadh toilteanas agus fonn oibre ag iarrthóirí ar fud an ospidéil ar fad, ag brath ar an ngá atá leis.

Cuirfear iarratasóirí rathúla ar phainéal chun folúntais shealadacha reatha agus amach anseo a líonadh ar feadh tréimhse suas le 12 mhí tar éis na hagallaimh a bheith ar siúl.

Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

1. Cúram comhshaoil:

Áirítear le réimsí comhshaoil iad siúd laistigh de UCDVH a bhaineann le himscrúdú othar, bainistíocht agus limistéir chóiríochta nach n-áirítear na limistéir sin a bhfuil riosca níos airde ag baint leo e.g. aonaid leithlisithe, aonad teiripe iaidín radaighníomhach agus aonad dianchúraim. Ardchaighdeán sláinteachais, glaineachta agus eagrúcháin a sholáthar ar fud na réimsí freagrachta, ag cinntiú go gcloítear leis na treoirlínte Sláinte & Sábháilteachta agus rialaithe ionfhabhtaithe. I measc na ndualgas comhshaoil tá:

- Glanadh agus díghalrú áiteanna imscrúdaithe, bainistíochta agus cóiríochta othar lena n-áirítear bardaí, seomraí gnáthaimh, seomraí comhairliúcháin agus limistéir ullmhaithe bia ainmhithe.
- Cothabháil leapacha agus soláthairtí barda e.g. leapacha tréidlia, tráidirí bruscair, babhlaí bia srl.
- Rannpháirtíocht i mbeartais rialaithe ionfhabhtaithe agus i scagadh comhshaoil intí
- Cabhrú le bainistíocht trealaimh ospidéil agus ionstraimíochta agus níocháin ospidéil a chinntiú go ndéantar é a láimhseáil i gceart, a ghlanadh agus a chothabháil, lena chinntiú go gcoimeádtar in ord oibre é.
- Rialú agus bainistiú stoic ceantair i gcomhar leis na ceannaitheoirí, an fhoireann chliniciúil agus an t-aonad íoclainne

2. Cúram ainmhithe

Cúram agus tacaíocht bhunúsach othar cúnata a sholáthar d'othair chónaitheacha ilíochais/máinliachta, go léir faoi mhaoirseacht Altra Tréidliachta Cláraithe (RVN) nó Cleachtóir Tréidliachta lena n-áirítear:

- Láimhseáil agus srianadh othar
- Beathú agus aclaíocht
- Bailiú samplaí neamh-ionracha (m.sh. fual, faecas)
- Cabhrú le hullmhú othar do mhionghnáthaimh leighis/máinliachta agus diagnóiseacha
- Cabhrú le bainistiú agus próiseáil othar nach maireann

3. Riarachán

- Cabhrú le RVNanna bileoga lae agus taifid othar a chomhlánú, ag cinntiú go ndéantar iad a nuashonrú i gcónaí chun cumarsáid éifeachtach a sholáthar maidir le leas othar.
- Cabhrú le táillí ospidéal ar chóras bainistíochta faisnéise othar tréidliachta a chomhlánú ag cinntiú go ndéantar iad a nuashonrú i gcónaí chun sonrasc éifeachtach a sholáthar maidir le cóireálacha othar.
- Cabhrú le bainistíocht agus seirbhísiú trealaimh

Sainiúil don phost seo:

Beidh ort 36.5 uair sa tseachtain a oibriú idir Dé Luain agus Dé Domhnaigh. D'fhéadfadh go mbeadh gá le hobair lasmuigh de ghnáthuaireanta deireadh seachtaine agus i rith na seachtaine ar bhonn róta. Athróidh amanna tosaithe agus críochnaithe ag brath ar riachtanais an Ospidéal. Socrófar leithdháileadh iarbhír na n-uaireanta oibre seo le do bhainisteoir líne.

Tuarastal: 95 Freastalaí Saotharlainne/Storeman_2013 (7910) € 33,848 - € 38,775 in aghaidh na bliana

Déanfar an ceapachán ar scála agus de réir threoirilínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht chun dul san iomaíocht agus eolas faoi phinsin ar fáil ag <https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/>

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht chuimsitheach a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do chách. Cuirimid fáilte roimh iarratas ó chách, lena n-áirítear iad a shamhlaítear le haon cheann de na tréithe cosanta a leagtar síos inár mbeartas um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú. Tá tuilleadh eolas faoi Éagsúlacht ar fáil ag <https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/>

Soláthrófar socruithe réasúnta d'aon iarratasóir le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil míchumas orthu nó go bhfuil siad néara-éagsúil.

Critéir Roghnúcháin

Tugtar achoimre sna critéir roghnúcháin ar na cáilíochtaí, na scileanna, an t-eolas agus/nó an taithí a bheadh le léiriú ag an iarrthóir a n-éireoidh leo ar mhaithe le dualgais an phoist a chomhlíonadh. Déanfar iarratais a mheasúnú bunaithe ar a mhéid a shásaíonn na hiarrthóirí na critéir sin.

Éigeantach:

Eolas:

- Scileanna inniúla uimhearhachta
- Taithí ábhartha mar chúntóir cúram ainmhithe / cúnta laistigh de thimpeallacht tréidliachta

Cáilíochtaí:

- Íosleibhéal 5 Fetac i láimhseáil / bhfeirmeoireacht ainmhithe / cáilíochtaí cúnta

Scileanna:

- Oibrí foirne ach chomh hinniúil céanna ar obair aonair
- Scileanna maithe cumarsáide agus scileanna idirphearsanta
- Bunscoleanna láimhseála ainmhithe

Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú: Tiomantas a léiriú don chlár oibre um chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú.

- Ní mór d'iarthóirí feacht ar chlár oibre comhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe a léiriú

Inmhianaithe:**Eolas:**

- Eolas ar Reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteachta

Cáilíochtaí:

- Staidéir ábhartha bhreise i láimhseáil ainmhithe / bhfeirmeoireacht / cáilíochtaí cúnta

Scileanna:

- Taithí Gnó nó Riaracháin
- Taithí ar phróisis rialaithe ionfhabhtaithe agus dí-éillithe
- Dea-scileanna IT

Eolas Breise

An Ollscoil:	https://www.ucd.ie/
Straitéis UCD 2020-2024: Réidh don Todhchaí	https://strategy.ucd.ie/
Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) ag UCD	https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:

Ainm:	Ann Marie Byrne
Teideal:	Príomh-altra
Seoladh ríomhphoist:	Ann.byrne@ucd.ie